Droch-aimsir

Ceist 1: Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin droch-aimsir ar fud na tíre faoi láthair

Féach ar an tuairisc uair amháin agus pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat.

An gcuireann an aimsir in Éirinn isteach orainn mar dhaoine?

An mbeadh muintir na hÉireann níos sona dá mbeadh cónaí orainn in aeráid an-te?

Ceist 2: Féach ar an tuairisc anois agus déan iarracht leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti.
Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine atá in aice leat.

Sleet_____
Fronts_____
Dangerous_____
Floods_____
Locally_____
Inundation_____
It is reported_____
Notice_____

Ceist 3: Freagair na ceisteanna thíos trí éisteacht siar leis an mír.

1) Céard a dúirt MET Éireann go bhféadfadh tarlú anocht in áiteanna áirithe sa tír?
2) Cén fáth a raibh na bóithre contúirteach do thiománaithe?
3) Cén difríocht atá idir an aimsir atá againn anois le hais an droch-aimsir a bhí againn i rith na Nollag?
4) Cén sórt aimsir atá geallta don chuid eile den tseachtain?
5) Cén tionchar a bheidh ag an droch-aimsir ar thiománaithe?

Ceist 4: Líon na Bearnaí leis na focail thíos.

Tá fógra tugtha do thiománaithe a bheith cúramach ar bhóithre na tíre ó tharla droch-aimsir geallta an chuid eile den tseachtain. Deir MET Éireann go bhféadfadh suas le cúig _____ sneachta titim in áiteanna áirithe ar fud na tíre níos déanaí anocht. Tá tuairisc ag Mícheál Ó Leidhin.

Mícheál Ó Leidhin
Seo mar a bhí sé i go leor áiteanna ar fud na tíre ar maidin de bharr sneachta na hoíche aréir. I ndeisceart na tíre ba mhó a bhí _____ do thiománaithe, mar go raibh flichshneachta agus oighear fós ar bhóithre. Ó mheán lae ar aghaidh bhí sé ag plúchadh sneachta i nDún na nGall. Thit an _____ is_____ _____ le cúpla bliain anuas i rith an lae i go leor áiteanna ar fud an chontae. Tuairiscítear gur dúnadh go leor bóithre agus go raibh ar go leor daoine dul abhaile luath ón obair ar fud Dhún na nGall. Is cosúil go mbeidh an aimsir fuar amach go lár na_____ ar a laghad.

Sinéad Ní Loideán
Frontaí aimsire anocht agus arís amárach an-fhuar, an-fhliuch agus i mbliana anois le hais anuraidh, an t-am seo anuraidh, tá an teocht i bhfad níos ísle ach faraor in áit an aimsir thirim fhuar gheal a bhí againn thar thréimhse na Nollag, beidh sé i bhfad níos fliche agus níos gaofaire as seo go dtí an Déardaoin ar aon nós, le baol tuilte agus toirní go háitiúil freisin.

Mícheál Ó Leidhin
Agus gaoth láidir chomh maith le sioc geallta don chuid eile den _____ agus d'fhéadfadh bóithre na tíre, go háirithe bóithre den dara grád a bheith an-chontúirteach. Iarann Met Éireann ar thiománaithe a bheith cúramach orthu.

(contúirt, ceintiméadar, troime, seachtaine, tseachtain, sneachta)

Ceist 5: Féach ar an léarscáil thíos. Ceangail na focail thíos leis na litreacha A,B,C,D atá ar an léarscáil.

Tuaisceart= _____

Deisceart= _____

Iarthar= _____

Oirthear= _____



Críochnaigh na habairtí seo thíos.

i. Tá Contae na Gaillimhe in _____ na tíre.
ii. Tá Contae Chorcaí i _____na tíre.
iii. Tá Loch Neacha i _____na tíre.
iv. Tá Brú na Bóinne in _____na tíre.

b. Anois dá mbeifeá i lár na tíre cén treo a bheifeá ag dul i dtreo

A)_____
B)_____
C) _____
D)_____

c. Ainmnigh na ceithre phríomhchósta atá ag Éirinn.

Ceist 6: Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa

An gcuireann droch-aimsir isteach orainn sa tír seo le hais tíortha eile ar fud an Domhain? An gceapann tú bhfuil tionchar ag téamh domhanda ar an droch-aimsir atá againn faoi láthair?

Freagraí

Ceist 1: Is féidir an plé seo a dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Ceist 2:
Sleet: **flichshneachta**
Fronts: **frontaí**
Dangerous: **contúirteach**
Floods: **tuilte**
Locally: **go háitiúil**
Inundation: **plúchadh**
It is reported: **Tuairiscítear**
Notice: **fógra**

Ceist 3: 1) Deir MET Éireann go bhféadfadh suas le cúig ceintiméadar sneachta titim in áiteanna áirithe ar fud na tíre níos déanaí anocht.
2) Bhí contúirt do thiománaithe, mar go raibh flichshneachta agus oighear fós ar bhóithre.
3) In áit an aimsir thirim fhuar gheal a bhí againn thar thréimhse na Nollag, beidh sé i bhfad níos fliche agus níos gaofaire.
4) Gaoth láidir chomh maith le sioc geallta don chuid eile den tseachtain.
5) D'fhéadfadh bóithre na tíre, go háirithe bóithre den dara grád a bheith an-chontúirteach

.

Ceist 4:

Eimear Ní Chonaola
Tá fógra tugtha do thiománaithe a bheith cúramach ar bhóithre na tíre ó tharla droch-aimsir geallta an chuid eile den tseachtain. Deir MET Éireann go bhféadfadh suas le cúig **ceintiméadar** sneachta titim in áiteanna áirithe ar fud na tíre níos déanaí anocht. Tá tuairisc ag Mícheál Ó Leidhin.

Mícheál Ó Leidhin
Seo mar a bhí sé i go leor áiteanna ar fud na tíre ar maidin de bharr sneachta na hoíche aréir. I ndeisceart na tíre ba mhó a bhí **contúirt** do thiománaithe, mar go raibh flichshneachta agus oighear fós ar bhóithre. Ó mheán lae ar aghaidh bhí sé ag plúchadh sneachta i nDún na nGall. Thit an **sneachta** is **troime** le cúpla bliain anuas i rith an lae i go leor áiteanna ar fud an chontae. Tuairiscítear gur dúnadh go leor bóithre agus go raibh ar go leor daoine dul abhaile luath ón obair ar fud Dhún na nGall. Is cosúil go mbeidh an aimsir fuar amach go lár na **seachtaine** ar a laghad.

Sinéad Ní Loideán
Frontaí aimsire anocht agus arís amárach an-fhuar, an-fhliuch agus i mbliana anois le hais anuraidh an t-am seo anuraidh tá an teocht i bhfad níos ísle ach faraor in áit an aimsir thirim fhuar gheal a bhí againn thar thréimhse na Nollag, beidh sé i bhfad níos fliche agus níos gaofaire as seo go dtí an Déardaoin ar aon nós, le baol tuillte agus toirní go háitiúil freisin.

Mícheál Ó Leidhin
Agus gaoth láidir chomh maith le sioc geallta don chuid eile den **tseachtain** agus d'fhéadfadh bóithre na tíre, go háirithe bóithre den dara grád a bheith an-chontúirteach iarann Met Éireann ar thiománaithe a bheith an-chúramach orthu.

Ceist 5: Tuaisceart= A

Deisceart= D

Iarthar= B

Oirthear= C

i= Iarthar
ii= Deisceart
iii= Tuaisceart
iv= Oirthear

ag dul ó thuaidh
ag dul siar
ag dul soir
ag dul ó dheas

an cósta thuaidh
an cósta thiar
an cósta thoir
an cósta theas

Má tá am agat d'fhéadfá an dán seo a dhéanamh leo bunaithe ar ghaotha na hÉireann.

An ghaoth aduaidh, bíonn sí crua agus cuireann sí fuacht ar dhaoine.
An ghaoth aneas, bíonn sí tais agus cuireann sí rath ar shíolta.
An ghaoth aniar, bíonn sí fial agus cuireann sí iasc i líonta.
An ghaoth anoir, bíonn sí tirim agus cuireann sí sioc san oíche.

Ceist 6 Is féidir leo na ceisteanna seo a phlé i mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Sliocht

Eimear Ní Chonaola
Tá fógra tugtha do thiománaithe a bheith cúramach ar bhóithre na tíre ó tharla droch-aimsir geallta an chuid eile den tseachtain. Deir MET Éireann go bhféadfadh suas le cúig ceintiméadar sneachta titim in áiteanna[1] áirithe ar fud na tíre níos déanaí[2] anocht. Tá tuairisc ag Mícheál Ó Leidhin.

Mícheál Ó Leidhin
Seo mar a bhí sé i go leor áiteanna ar fud na tíre ar maidin de bharr sneachta na hoíche aréir. I ndeisceart na tíre ba mhó a bhí contúirt do thiománaithe, mar go raibh flichshneachta agus oighear fós ar bhóithre. Ó mheán lae ar aghaidh bhí sé ag plúchadh sneachta i nDún na nGall. Thit an sneachta is troime le cúpla bliain anuas i rith an lae i go leor áiteanna ar fud an chontae. Tuairiscítear gur dúnadh go leor bóithre agus go raibh ar go leor daoine dul abhaile luath ón obair ar fud Dhún na nGall. Is cosúil go mbeidh an aimsir fuar amach go lár na seachtaine ar a laghad.

Sinéad Ní Loideán
Frontaí aimsire anocht agus arís amárach an-fhuar, an-fhliuch agus i mbliana anois le hais anuraidh an t-am seo anuraidh tá an teocht i bhfad níos ísle ach faraor in áit an aimsir thirim fhuar gheal a bhí againn thar thréimhse na Nollag, beidh sé i bhfad níos fliche agus níos gaofaire as seo go dtí an Déardaoin ar aon nós, le baol tuillte agus toirní go háitiúil freisin.

Mícheál Ó Leidhin
Agus gaoth láidir chomh maith le sioc geallta don chuid eile den tseachtain agus d'fhéadfadh bóithre na tíre, go háirithe bóithre den dara grád a bheith an-chontúirteach iarann Met Éireann ar thiománaithe a bheith an-chúramach orthu.

[1] Áiteacha a deirtear
[2] Deirní a deirtear